Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/3323

3.6.2024

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 10 Aibreán 2024 – Dexia v BRA (Ranníocaíochtaí *ex ante* 2022)**

**(Cás T-411/22)** ([1])

***(Aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta – Aontas Baincéireachta – Sásra Réitigh Aonair le haghaidh institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe (SRA) – Ciste Réitigh Aonair (CRA) – Cinneadh BRA maidir le ríomh na ranníocaíochtaí le haghaidh 2022 – Airteagal 70(2) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 – Earráid dlí – Éifeachtaí an bhreithiúnais a theorannú ó thaobh ama de)***

(C/2024/3323)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Dexia, Dexia Crédit Local roimhe seo (Páras, an Fhrainc) (ionadaithe: H. Gilliams agus J.-M. Gollier, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Bord Réitigh Aonair (ionadaithe: K.-P. Wojcik, J. Kerlin agus C. De Falco, Gníomhairí, le cúnamh ó H.-G. Kamann, F. Louis agus P. Gey, Dlíodóirí)

*Idiragraithe chun tacú leis an gcosantóir:* Parlaimint na hEorpa (ionadaithe: J. Etienne, M. Menegatti agus G. Bartram, Gníomhairí), Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: E. d'Ursel, J. Haunold agus A. Westerhof Löfflerová, Gníomhairí)

## Ábhar

Trína chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí Cinneadh SRB/ES/2022/18 ón mBord Réitigh Aonair (BRA) an 11 Aibreán 2022 maidir le ríomh na ranníocaíochtaí *ex ante* 2022 leis an gCiste Réitigh Aonair (CRA), a mhéid a bhaineann sé leis an iarratasóir, ar neamhní.

## An chuid oibríochtúil

1. Cuirtear Cinneadh SRB/ES/2022/18 ón mBord Aonair Réitigh (BRA) an 11 Aibreán 2022 maidir le ríomh ranníocaíochtaí ex ante 2022 leis an gCiste Aonair Réitigh (CRA) ar neamhní a mhéid a bhaineann sé le Dexia.
2. Déantar na héifeachtaí a eascraíonn ó Chinneadh SRB/ES/2022/18 a chothabháil, a mhéid a bhaineann siad le Dexia, go dtí go nglacfaidh an BRA na bearta is gá chun an breithiúnas seo a chur chun feidhme, agus laistigh de thréimhse réasúnach ama nach féidir a bheith níos faide ná sé mhí ón dáta a thiocfaidh an breithiúnas seo chun bheith críochnaitheach.
3. Ordaítear do BRA a chostais féin agus na costais arna dtabhú ag Dexia a íoc.
4. Ordaítear do Pharlaimint na hEorpa agus do Chomhairle an Aontais Eorpaigh a gcostais féin a íoc.

---

([1]) IO C 311, 16.8.2022.